* Mura bhfuil $t = 9$ comhfhadaithe go hiomlán $2 \times$ Iarr 2

Botúin (-3)

- B1 Earráidí matamaiticiúla

Sciorrháí (-1)

- S1 Sciorrhadh uimhriúil.

Iarrachtaí (2 mharc)

- A1 Luas $= 0$, $dh/dt = 0$ nó a leithéid
 A2 $90 - 10t$ scríofa
 A3 $20 + 90t - 5t^2$ scríofa

Gan Fiúntas (0)

- W1 Freagra mícheart, gan obair
 W2 Faigheann d^2h/dt^2

CEIST 8

Cuid (i)	10 (5, 5) marc	Iarr (2,2)
Cuid (ii)	10 marc	Iarr 3
Cuid (iii)	10 marc	Iarr 3
Cuid (iv)	5 mharc	Iarr 2
Cuid (v)	5 mharc	Iarr 2
Cuid (vi)	10 marc	Iarr 3

Cuid (i)	10 (5, 5) marc	Iarr 2, 2
-----------------	-----------------------	------------------

8. (i)	Bíodh $f(x) = x^3 - 9x^2 + 24x - 18$, áit a bhfuil $x \in \mathbf{R}$. (i) Faigh $f(1)$ agus $f(5)$.
---------------	--

(i)	10 (5, 5) marc	Iarr 2, 2
8. (i)	$f(x) = x^3 - 9x^2 + 24x - 18$. . $f(1) = 1^3 - 9(1)^2 + 24(1) - 18$ nó $1 - 9 + 24 - 18$ [2m] $= -2$ [5m]	
.	$f(5) = 5^3 - 9(5)^2 + 24(5) - 18$ nó $125 - 225 + 120 - 18$ [2m] $= 2$ [5m]	

* Freagraí cearta, gan obair: Marcanna ionmlána.

Botúin (-3)

B1 Earráidí matamaiticiúla, gach uair murab ionann iad

B2 $f(-1)$ agus/nó $f(-5)$ agus leanann ar aghaidh

Sciorrháí (-1)

S1 Earráid uimhríochta

Iarrachtaí (2 mharc)

A1 Roinnt den ionadú ceart isteach in $f(x)$

A2 Aon uimhir eile ionadaithe do x , cibé acu luacháilte nó nach ea

Gan Fiúntas (0)

W1 Freagra mícheart/Freagraí míchearta, gan obair

Cuid (ii)	10 marc	Iarr 3
------------------	----------------	---------------

8. (ii)	Faigh $f'(x)$, díorthach $f(x)$.
----------------	------------------------------------

(ii)	10 marc	Iarr 3
-------------	----------------	---------------

8. (ii).	$f'(x) = 3x^2 - 18x + 24$
-----------------	---------------------------

* Freagra ceart, gan obair ná nodaireacht: marcanna ionmlána

* Má dhéantar ó bhunphrionsabail, déan neamhshuim d'earráidí sa mhodh oibre – marcáil an freagra agus an freagra amháin.

* Gan ach téarma amháin difréalite i gceart, tabhair 3 mharc.

Botúin (-3)

B1 Earráid difréala, gach uair

Iarrachtaí (3 mharc)

A1 Céim cheart sa difréal ó bhunphrionsabail

Gan Fiúntas (0)

W1 Gan aon difréal cheart

Cuid (iii)

10 marc

Iarr 3

8. (iii) Faigh comhordanáidí uasphointe logánta agus comhordanáidí íospointe logánta an chuair $y = f(x)$.

(iii)

10 marc

Iarr 3

8. (iii) $f'(x) = 3x^2 - 18x + 24 = 0$ [3m]
.
 $\Rightarrow x^2 - 6x + 8 = 0 \Rightarrow (x-2)(x-4) = 0 \Rightarrow x = 2$ agus $x = 4$. [4m]
 $f(x) = x^3 - 9x^2 + 24x - 18$.
 $f(2) = 2^3 - 9(2)^2 + 24(2) - 18 = 8 - 36 + 48 - 18 = 2$. [7m] in-idirmhalartaithe
 $f(4) = 4^3 - 9(4)^2 + 24(4) - 18 = 64 - 144 + 96 - 18 = -2$ [9m]
$$\left\{ \begin{array}{l} f''(x) = 6x - 18 \\ f''(2) = 12 - 18 = -6 < 0 \Rightarrow \text{uasphointe ag } x = 2. \\ f''(4) = 24 - 18 = 6 > 0 \Rightarrow \text{íospointe ag } x = 4. \end{array} \right.$$

Uasphointe logánta (2, 2), íospointe logánta (4, -2). [10m]

* Glac le $f'(x)$ an iarrthóra ó (ii)

* Glac le ' $= 0$ ' intuigthe má thacaíonn obair ina dhiaidh sin leis sin.

* Glac le hidirdhealú uasphointe ó íospointe trí y -ordanáidí a chur i gcomparáid lena chéile

* Freagraí cearta, gan chalcalas: Iarr 3 ar a mhéad

Botúin (-3)

B1 $f'(x) \neq 0$ (ach féach an dara *)

B2 Earráidí ailgéabhracha

Sciorrháí (-1)

S1 Earráidí uimhriúla

S2 Ní dhéantar idirdhealú idir uasphointe agus íospointe

Iarrachtaí (3 mharc)

A1 Foirmle cheart cothromóide cearnáí agus stopann

Gan Fiúntas (0)

W1 $f(x) = 0$, cibé acu a leantar, nó nach leantar, ar aghaidh

Cuid (iv)

5 mharc

Iarr2

8. (iv)

Tarraing graf na feidhme f san fhearrann $1 \leq x \leq 5$.


(iv)

8. (iv)

Pointí
(1, -2)
(2, 2)
(4, -2)
(5, 2)

5 mharc

Iarr 2



* Glac le luachanna an iarrthóra ar $(x, f'(x))$ ó chodanna roimhe seo mura rud é go bhfuil róshimplíú déanta

* Is leor 4 phointí: ní gá $f(3) (= 0)$ a fháil

* Má dhéanann an t-iarrthóir pointí a athríomh, cuir scíorrthaí agus botúin i bhfeidhm de réir na dtreoirlíníte

Botúin (-3)

B1 Earráid scála

Scíorrthaí (-1)

S1 Gach ceann de phointí an iarrthóra breactha go mícheart (go huasmhéid $3 \times S(-1)$)

S2 Gan na pointí a bheith ceangailte.

Iarrachtaí (2 mharc)

A1 $f'(x)$ breactha

A2 Ceann amháin nó níos mó de phointí an iarrthóra aistrithe i gceart chuig an gcuid seo agus stopann

A3 Iarracht ar phointe a ríomh e.g. $f(1)$ mar aon le roinnt ionadú

A4 Aiseanna scálaíthe agus lipéadaíthe agus stopann

Cuid (v)

5 mharc

Iarr 2

8.(v) Bain feidhm as do ghraf chun an raon luachanna ar x a scríobh síos ar fíor ina leith $f'(x) < 0$.

(v)

5 mharc

Iarr 2

8.(v)

$2 < x < 4$.

* Glac le freagra atá ag teacht le graf an iarrthóra

* Glac le freagra a thaispeántar go soiléir ar an ngraf

* Déan neamhshuim de chomhartha cothroime a chuirtear san áireamh (\leq)

* Glac le freagra ina n-úsáidtear focail seachas siombailí agus $[2 \quad 4]$, $[4 \quad 2]$, $(2, \quad 4)$ nó $(4, \quad 2)$

Botúin (-3)

B1 $f'(x) > 0$

B2 Luachanna $f(x)$ ar taispeáint ar an ngraf ach gan x -luachanna comhfhereagracha ar taispeáint

Miléamha(-1)

M1 Réiteach ailgéabhrach

Iarrachtaí (2 mharc)

A1 Aon fhoirceann ceart amháin aitheanta.

Gan Fiúntas (0)

W1 $1 < x < 5$

W2 $f(x) < 0$

Cuid (vi)	10 marc	Iarr 3
8.(vi) Tadhlaí leis an gcuar $y = f(x)$ is ea an líne $y = -3x + c$. Faigh luach c .		

(vi)	10 marc	Iarr 3
8. (vi) $[y = -3x + c] \Rightarrow$ fána $m = -3$. [3m] . $f'(x)$ nó $3x^2 - 18x + 24 = -3$ [4m] . $\Rightarrow 3x^2 - 18x + 27 = 0 \Rightarrow x^2 - 6x + 9 = 0 \Rightarrow (x - 3)^2 = 0 \Rightarrow x = 3$ [7m] $f(3) = 3^3 - 9(3)^2 + 24(3) - 18 = 27 - 81 + 72 - 18 = 0$ [9m] . $y = -3x + c \Rightarrow 0 = -3(3) + c \Rightarrow c = 9$ [10m]		

* Mura bhfuil fíorú ann: Iarr ar a mhéad

Botúin (-3)

B1 Earráidí ailgéabreacha

Iarrachtaí (3 mharc)

A1 Déantar iarracht $y = f(x) \cap y = -3x + c$ a réiteach.

A2 $f'(x)$, $\frac{dy}{dx}$, fána nó $3x^2 - 18x + 24$ scríofa sa chuid seo.

Gan Fiúntas (0)

W1 Faigheann $f(0)$



Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2008

AISTRIÚCHÁN AR SCÉIM MHARCÁLA

MATAMAITIC – PÁIPÉAR 2

GNÁTHLEIBHÉAL

SCÉIM MHARCÁLA

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2008

MATAMAITIC – GNÁTHLEIBHÉAL – PÁIPÉAR 2

TREOIRLÍNTE GINEARÁLTA DO SCRÚDAITHEOIRÍ – PÁIPÉAR 2

1. Cuirtear trí chineál pionóis i bhfeidhm ar obair iarrthóirí mar a leanas:
 - Botúin - earráidí matamaíticiúla/ábhar fágtha ar lár (-3)
 - Sciorradh - earráidí uimhriúla (-1)
 - Míléamh (ar choinníoll nach ndéantar róshimpliú ar an tasc) (-1).

Na hearráidí a tharlaíonn go minic agus nach mór na pionóis seo a chur i bhfeidhm orthu, tá siad liostaithe sa scéim. Seo a leanas na lipéid atá orthu: B1, B2, B3,..., S1, S2,..., W1, W2,...etc. Ní liostaí iomlána iad seo.

2. Le linn marcanna a thabhairt i leith iarrachtaí e.g. Iarr(3), tabhair an méid seo a leanas do d'aire:
 - aon chéim *cheart, ábhartha* i gcuid de cheist, tuilleann an chéim sin, ar a laghad, marc i leith na hiarrachta atá ag gabháil leis an gcuid sin
 - más rud é go bhfágann asbhaintí go bhfuil marc áirithe níos ísle ná an marc i leith iarrachta, ansin ní mór an marc i leith iarrachta a thabhairt
 - ní thugtar marc idir nialas agus an marc i leith iarrachta riamh.
3. Tugtar nialas d'obair gan fiúntas. Tá roinnt samplaí d'obair den sórt sin liostaithe sa scéim agus na lipéid W1, W2, .. etc. orthu.
4. Ciallaíonn an frása “aimsíú nó iomrall” nach dtugtar marcanna páirteacha – faigheann an t-iarrthóir na marcanna ábhartha go léir nó ní fhaigheann sé/sí marcanna ar bith.
5. Ciallaíonn an frása “agus stopann sé/sí” nach léiríonn an t-iarrthóir aon obair eile.
6. Is ionann réiltín agus a rá go bhfuil nótaí speisialta ann a bhaineann le marcáil cuid áirithe de cheist. Tá na nótaí sin le fáil díreach i ndiaidh an bhosca ina bhfuil an réiteach ábhartha.
7. Níl sé i gceist gur liostaí iomlána atá sna réitigh shamplacha ar gach ceist ar leith – d’fhéadfadh sé tarlú go bhfuil réitigh chearta eile ann. Aon scrúdaitheoir atá éiginnte faoi bhailíocht an chur chuige a ghlacann aon iarrthóir ar leith i gcás aon cheiste, ba chóir dó/di teagmháil a dhéanamh lena scrúdaitheoir comhairleach.
8. Mura rud é go léirítear a mhalairet sa scéim, glac leis an gceann is fearr de dhá iarracht nó níos mó – fiú amháin i gcás iarrachtaí a cealaíodh.
9. Ní ghearrtar pionós ar an earráid *chéanna* sa chuid *chéanna* de cheist *ach uair amháin*.
10. Marcanna i leith iarrachta ar a mhéad is ceart a thabhairt i gcásanna áirithe, fioruithe agus freagraí a thig ó léaráidí.
11. Tugtar an marc i leith iarrachta, ar a mhéad, i gcás botún, ábhar ar lár nó míléamh a bheadh tromchúiseach.
12. Ná gearr pionós as camóg a úsáid in ionad lánstad e.g. is féidir €5,50 a scríobh in ionad €5.50.

Pionóis a chur i bhfeidhm ar fud na scéime


Déantar pionóis a chur i bhfeidhm faoi réir na marcanna atá faigthe cheana fén.

Botúin – seo a leanas samplaí de bhotúin:

- Earráidí ailgéabreacha: $8x + 9x = 17x^2$ nó $5p \times 4p = 20p$
- Earráidí comhartha: $-3(-4) = -12$ nó $(-3)^2 = 6$.
- Earráid chodáin: Inbhéartú mícheart ar chodán etc. le cur i bhfeidhm uair amháin.
- Earráid maidir le trasiolrú.
- Earráid maidir leis an bpointe deachúil a chur san áit mhícheart.
- Earráid maidir le trasuíomh: $-2x - k + 3 = 0 \Rightarrow -2x = 3 + k$ nó $-3x = 6 \Rightarrow x = 2$
nó $4x = 12 \Rightarrow x = 8$ gach uair.
- Earráid maidir le dlí an dálite (uair amháin in aghaidh an téarma, mura dtugtar treoir dá mhalaire) $\frac{1}{2}(3-x) = 6 \Rightarrow 6 - 2x = 6$ nó $-(4x+3) = -4x+3$ nó $3(2x+4) = 6x+4$
- Lúibíní a fhorbairt go mícheart: $(2x-3)(x+4) = 8x^2 - 12x$
- Ábhar a fhágail ar lár, mura ndéantar an obair a róshimplíú, mura dtugtar treoir dá mhalaire.
- Earráid maidir le séan, gach uair mura dtugtar treoir dá mhalaire.
- Fachtóiriú: earráid i gceann amháin, nó sa dá cheann, de na fachtóiriú i gcothromóid chearnach, le cur i bhfeidhm uair amháin: $2x^2 - 2x - 3 = (2x-1)(x+3)$.
- Earráidí fréimhe ó fhachtóiriú an iarrthóra, earráid i gceann amháin, nó sa dá cheann, de na fréamhacha, le cur i bhfeidhm uair amháin
- Ionadú mícheart isteach i bhfoirmí (i gcás nach sciorradh follasach é):

$$\text{e.g. } 2x^2 + 3x + 4 = 0 \Rightarrow x = \frac{-3 \pm \sqrt{9 - 4(2)(4)}}{2(3)}$$

$$\text{nó } \frac{10}{\sin 70} = \frac{9}{\sin 50}$$



- Déileáil go mícheart leis na comhordanáidí mar (x_1, x_2) agus (y_1, y_2) le linn foirmle sa chéimseata chomhordanáideach a úsáid.
- Earráid i bhfoirmí, mar shampla: $\frac{y_2 + y_1}{x_2 + x_1}$ nó $A = P \left(1 + \frac{n}{100}\right)^r$ nó $a^2 = b^2 + c^2 + bc \cos A$
nó $\sqrt{(x_2 - x_1)^2 + (y_2 - y_1)^2}$, ach amháin mar a léirítear sa scéim.

Nóta: I gcás ina dtugtar foirmle cheart ábhartha agus ina stopann sé/sí ansin, tugtar an marc i leith iarrachta mura bhfuil an fhoirmle sna Táblaí.

Sciorrthaí – seo a leanas samplaí:


- Sciorrthaí uimhriúla, mar a leanas: $4 + 7 = 10$ nó $3 \times 6 = 24$, ach is botún é $5 + 3 = 15$.
- Maidir le slánú go leibhéal riachtanach cruinnis a bheith ar iarraidh nó maidir le slánú mícheart chuig céim riachtanach chruinnis, nó maidir le slánú luath, gearrtar pionós mar sciorradh ina leith uair amháin i ngach roinn. Baineann sé seo le **C1** (a) (i) agus (ii), (c) (i) agus (ii), **C5** (a), (b) (i) agus (ii), (c) (i) agus (ii).
- Ach botún, ar a laghad, is ea slánú luath arb é is eifeacht leis ná an obair a shimplíú.
- Maidir leis na haonaid tomhais a fhágail ar lár i bhfreagra nó maidir le haonaid tomhais mhíchearta a thabhairt, meastar gur sciorradh é uair amháin in aghaidh na roinne (a), (b) agus (c) i ngach ceist más cuí sin agus sa chéad áit inar ábhar tábhachtach é. Baineann sé seo le **C1** (a) (b) agus (c), le **C4** (c) agus le **C5** (a), (b) (c).

Míléamha

- Ní athróidh samplaí ar nós 436 in ionad 346 nádúr na ceiste agus gearrtar pionós -1 orthu.
- Ach d'athrófaí an obair dá scríobhfaí 5000 in ionad 5026 agus gearrtar pionós botúin ar a laghad dá bharr.

CEIST 1

Cuid (a)	10 (5, 5) marc	Iarr (2, 2)
Cuid (b)	25 (20, 5) marc	Iarr (7, 2)
Cuid (c)	15 (10, 5) marc	Iarr (3, 2)

Cuid (a)	10 (5, 5) marc	Iarr (2, 2)
<p>Is é 16 cm trastomhas an chrutha leathchiorclaign a thaispeántar sa léaráid.</p> <p>(i) Faigh fad imlíne an chrutha, ceart go dtí an ceintiméadar is gaire.</p> <p>(ii) Faigh achar an chrutha, ceart go dtí an ceintiméadar cearnach is gaire.</p>		
 16 cm		

(a) (i)	5 mharc	Iarr 2
$L = 2r + \pi r = 16 + 8\pi \approx 41 \text{ cm}.$		

(a) (ii)	5 mharc	Iarr 2
$A = \frac{1}{2}\pi r^2 = \frac{1}{2}(\pi)(8)^2 = 32\pi \approx 101 \text{ cm}^2.$		

- * Glac le haon luach ar π a thugann an freagra ceart, thairis sin cuir botún i bhfeidhm (-3).
- * Glac le freagra ceart gan obair.
- * Aon earráid seachas sciorradh follasach, tuilleann sé marc i leith iarrachta ar a mhéad.

Botúin (-3)

- B1 Fágatar cuid den imlíne ar lár e.g. trastomhas.
 B2 Úsáidtear ga 16 cm nó luach mícheart eile – cuir i bhfeidhm uair amháin i gcuid (a).
 B3 Tugtar an freagra i dtéarmaí π .
 B4 Oibrítear $2\pi r$ in (i) nó πr^2 in (ii).

Iarrachtaí (2 mharc)

- A1 Roinnt oibre ábhartha e.g. faightear ga nó ionadú ábhartha éigin.


Gan fiúntas (0)

- W1 Freagra mícheart gan obair, ach amháin i gcás 8 nó 16 nó 25.

Is é atá sa sceitse ná píosa talún atá lonnaithe ar imeall bóthair dhírigh [ab].

Is é 54 m fad [ab].

Ag eatraimh chothroma feadh [ab], déantar tomhais ingearacha a tharraingt go dtí an t-imeall, mar a thaispeántar sa sceitse.



- (i) Bain feidhm as Riail Simpson chun achar an phíosa talún a mheas.
- (ii) Déantar an talamh a luacháil ar €480 000 an heicteár. Faigh luach an phíosa talún. A nótáil: 1 heicteár = 10 000 m².

**(b) (i) Úsáid na foirmle
Ríomhaireachtaí**

**15 marc
5 mharc**

**Iarr 5
Iarr 2**

$$h = 54 \div 6 = 9$$

$$\begin{aligned} \text{Achar} &= \frac{h}{3}(F + L + 2\sum O + 4\sum E) \\ &= \frac{9}{3}(0 + 6 + 2(13 + 17) + 4(8 + 18 + 14)) \\ &= 3(6 + 60 + 160) = 3(226) = 678 \text{ m}^2. \end{aligned}$$

[15 mharc]
[20 marc]

(b) (ii)

5 mharc

Iarr 2

$$\text{Luach} = 480000 \times \frac{678}{10000} \barwedge €32544.$$

↓
[2 mharc] [5 mharc]

- * Ceadaigh $\frac{h}{3} = \{F + L + \text{TOFE}\}$ agus gearr pionós sna ríomhaireachtaí más rud é nach n-úsáidtear an fhoirmle i gceart.
- * Glac le TOFE ceart nó TOFE atá comhsheasmhach leis an F agus L atá ag an iarrthóir
- * Glac le freagra ceart nó freagra comhsheasmhach gan obair i roinn (ii).

Botúin (-3)

B1 $\frac{h}{3}$ mícheart (uair amháin).

B2 F agus/nó L mícheart nó téarmaí breise le F agus/nó L (uair amháin).

B3 TOFE mícheart (uair amháin), mura bhfuil sé comhsheasmhach leis an F agus L atá ag an iarrthóir.

B4 E **nó** O fágtha ar lár (uair amháin)

B5 Earráid mhatamaiticiúil le linn fachtóir coinbhéartaithe a chur i bhfeidhm in (ii).

Iarrachtaí [5 mharc i leith ionadú a dhéanamh isteach san fhoirmle, 2 mharc i leith na ríomhaireachta in (i), 2 mharc in (ii)]

A1 Céim ábhartha eigin e.g. sainaithnítear F agus L nó corr nó réidh, agus stopann sé/sí: 5 mharc.

A2 Tugtar Riail Simpson gan é a thrascríobh as na tábláí. 5 mharc.

A3 Fágtar E **agus** O ar lár (is féidir marcanna i leith iarracht 5 ar a mhéad agus/nó iarracht 2).

- A4 Freagra ceart gan obair in (ii): 5 mharc + 2 mharc.
A5 Roinnt ríomhaireachta ábhartha atá ceart: 2 mharc.

Gan fiúntas (0)

- W1 Freagra mícheart gan obair.
W2 Trascríobhtar an fhoirmle ó na táblaí agus stopann sé/sí.


Cuid (c)

15 (10, 5) marc

Iarr (3, 2)

Tá coinneal chéarach i bhfoirm dronchóin chiorclaigh.
Is é 7 cm airde na coinnle agus is é 6 cm trastomhas an bhoinn.

- (i) Faigh toirt na coinnle céaraí, ceart go dtí an cm^3 is gaire.
(ii) Bloc céarach ar tomhais dó 25 cm faoi 12 cm faoi 12 cm, déantar é a leá agus a úsáid chun roinnt de na coinnle sin a dhéanamh.



Faigh uaslóna na gcoinnle is féidir a dhéanamh as an mbloc céarach, má chailltear 4% den chéir sa phróiseas.

(c) (i)

10 marc

Iarr 3

$$\text{Toirt na coinnle} = \frac{1}{3}\pi r^2 h = \frac{1}{3}(\pi)(3)^2(7) = 21\pi \approx 66 \text{ cm}^3. \quad \downarrow$$

$[3 \text{ mharc}] \qquad [10 \text{ marc}]$

(c) (ii)

5 mharc

Iarr 3

$$\begin{aligned} \text{Toirt an bhloic céarach} &= 25 \times 12 \times 12. \\ \text{Úsáidtear } 96\% \text{ den chéir} &= 25 \times 12 \times 12 \times 0.96. \\ \text{An líníon coinnle} &= \frac{25 \times 12 \times 12 \times 0.96}{66} = 52.36 = 52 \text{ choinneal.} \end{aligned}$$

- * Glac le haon luach ar π a thugann an freagra ceart, thairis sin cuir botún i bhfeidhm (-3).
- * Glac le freagra i gcuid (ii) má tá sé comhsheasmhach le freagra an iarrthóra i gcuid (i).

Botúin (-3)

- B1 Glahtar leis gurb é 6 cm an ga.
B2 Foirmle ábhartha mhícheart don chón e.g. $\frac{1}{3}\pi r^2 h$ agus leanann ar aghaidh.
B3 Tugtar an freagra i dtéarmaí π .
B4 Foirmle ábhartha mhícheart do thoirt an bhloic céarach agus leanann ar aghaidh.
B5 Ríomhtar an líníon coinnle a dhéantar as 4% den bhloc.
B6 Ní dhéileáiltear i gceart leis an 0.96.

Sciorrháí (-1)

- S1 Gach sciorrhád go huasmhéid 3 i ngach cuid.

Iarrachtaí (3 mharc i gcuid (i), 2 mharc i gcuid (ii))

- A1 Céim ábhartha éigin e.g. faightear an ga.
A2 Freagra ceart gan obair i ngach cuid.

CEIST 2

Cuid (a)	5 mharc	Iarr 2
Cuid (b)	25 (5, 10, 5, 5) marc	Iarr (2, 3, 2, 2)
Cuid (c)	20 (5, 15) marc	Iarr (2, 3)

Cuir na treoracha seo a leanas i bhfeidhm i leith gach cuid de cheist 2 agus de cheist 3.
Más rud é nach scríobhtar an fhoirmle cheart, is botún é aon earráid maidir le comharthaí nó ionadú.

Botúin (-3)

- B_a Dhá ionadú mhíchearta nó níos mó má scríobhtar an fhoirmle.
 B_b Malartaíonn x agus y le linn ionadú a dhéanamh nó déileálann leo mar phéire cúplaí (x_1, x_2) agus (y_1, y_2) .

Sciorrthaí (-1)

- S_a Comhartha neamhlárnaíochta mícheart amháin san fhoirmle, má scríobhtar an fhoirmle.
 S_b Ionadú mícheart amháin san fhoirmle, má scríobhtar an fhoirmle.
 S_c Míléamh soiléir maidir le comhordanáid amháin.

Iarrachtaí

- A_a Foirmle ábhartha mhícheart, ionadaithe go páirteach.
 A_b Sainaithnítear comhordanáidí pointe ábhartha a scríobhtar le x_1 agus y_1 .
 A_c Scríobhtar an fhoirmle cheart ábhartha agus stopann sé/sí.

Cuid (a)	5 mharc	Iarr 2
Faigh achar an triantáin ar stuaiceanna dó $(0, 0), (8, 6)$ agus $(-2, 4)$.		
(a)	5 mharc	Iarr 2
	$\text{Achar} = \frac{1}{2} x_1y_2 - x_2y_1 = \frac{1}{2} 8 \times 4 - (-2) \times 6 = \frac{1}{2} 32 + 12 = \frac{1}{2} 44 = 22$	
<i>nó</i>	$\text{Achar} = \frac{1}{2} [x_1(y_2 - y_3) + x_2(y_3 - y_1) + x_3(y_1 - y_2)]$ $= \frac{1}{2} 0(6 - 4) + 8(4 - 0) - 2(0 - 6) $ $= \frac{1}{2} 0 + 32 + 12 = \frac{1}{2} 44 = 22$	
<i>nó</i>	$\text{Achar} = \frac{1}{2} [x_1y_2 + x_2y_3 + x_3y_1 - x_1y_3 - x_3y_2 - x_2y_1]$ $= \frac{1}{2} 0 \times 6 + 8 \times 4 + (-2) \times 0 - 0 \times 4 - (-2) \times 6 - 8 \times 0 $ $= \frac{1}{2} 0 + 32 + 0 + 0 + 12 - 0 = \frac{1}{2} 44 = 22$	

* $\frac{1}{2} |-44| = -22$, ní thuilleann sé sin pionós.

Botúin (-3)

- B1 Foirmle ábhartha mhícheart agus leanann ar aghaidh e.g. $\frac{1}{2} |x_1y_2 + x_2y_1|$ nó fágatar an $\frac{1}{2}$ ar láir.

Iarrachtaí (2 mharc)

- A1 Freagra ceart gan obair.
 A2 Úsáidtear foirmle an fhaid nó foirmle an fhaid ingearaigh.
 A3 Breactar pointe amháin nó níos mó, de réir mar atá le feiceáil.

Gan fiúntas (0 marc)

- W1 Foirmle neamhábhartha agus stopann sé/sí e.g. $\frac{1}{2}$ leis féin.

Cuid (b)**25 (5, 10, 5, 5) marc****Iarr (2, 3, 2, 2)**

Is é L an líne $y - 6 = -2(x + 1)$.

- (i) Scríobh síos fána L .
- (ii) Fíoraigh gur pointe ar L é $p(1, 2)$.
- (iii) Trasnaíonn L an y -ais ag t . Faigh comhordanáidí t .
- (iv) Breac an líne L ar léaráid chomhordanáideach.

(b) (i)**5 mharc****Iarr 2**

<i>nó</i>	$y - y_1 = m(x - x_1) : y - 6 = -2(x + 1) \Rightarrow m = -2$.
<i>nó</i>	$y = mx + c : y = -2x + 4 \Rightarrow m = -2$.
	Fána $pt = m = \frac{y_2 - y_1}{x_2 - x_1} = \frac{2 - 4}{1 - 0} = -2$.

* Glac le freagra ceart gan obair.

Botúin (-3)

B1 Foirmle ábhartha mhícheart e.g. $\frac{y_2 + y_1}{x_2 + x_1}$ nó $\frac{y_2 - y_1}{x_1 - x_2}$ nó $\frac{x_2 - x_1}{y_2 - y_1}$ agus leanann ar aghaidh.

B2 Is é an freagra a thugtar ná $m = 2$.

Iarrachtaí (2 mharc)

A1 Obair i dtreo an chothromóid a scríobh san fhoirm $y = mx + c$ nó $ax + by + c = 0$.

A2 $m = \tan \theta$ nó $m = \text{ingearach/cothrománach}$ nó $m = -\frac{a}{b}$.

(b) (ii)**10 marc****Iarr 3**

$$y - 6 = -2(x + 1) \Rightarrow 2 - 6 = -2(1 + 1) \Rightarrow -4 = -4. \quad \text{Dá bhrí sin, } p \in L$$

* Glac le freagraí comhsheasmhacha sa chuid seo agus i gcodanna ina dhiaidh seo.

* Tabhair 7 marc i leith ionadú ceart an dá ordanáid agus 3 mharc i leith críochnú i gceart.

Botúin (-3)

B1 Ionadú, ach gan an obair a bheith críochnaithe chun teacht ar LHS = RHS.

B2 Gan conclúid a bheith luate, más é is toradh leis an earráid ná LHS \neq RHS

Iarrachtaí (3 mharc)

A1 Déantar iarracht áirithe maidir le hionadú nó roinnt oibre maidir le simpliú na cothromóide.

(b) (iii)**5 mharc****Iarr 2**

$$\begin{aligned} y - 6 &= -2(x + 1). \\ x = 0 &\Rightarrow y - 6 = -2(0 + 1) \Rightarrow y = 6 - 2 = 4 \Rightarrow t(0, 4). \end{aligned}$$

* Glac le freagra ceart gan obair.

Botúin (-3)

B1 Faigheann idirlíne ar an x -ais.

Iarrachtaí (2 mharc)

A1 Céim ábhartha éigin e.g. scríobhtar $x = 0$ agus stopann sé/sí.

A2 Faightear pointe randamach ar an líne.


Gan fiúntas (0 marc)

W1 Scríobhtar $y = 0$ agus stopann sé/sí

(b) (iv)

5 mharc

Iarr 2



- * Glac le húsáid chomhordanáidí t an iarrthóra.
- * Is ceart eatraimh a bheith léirithe nó intuigthe.
- * Más rud é nach bhfreagraítear cuid (iii) ach go lipéadaítear $t(0, 4)$ ar an ngraf, tabhair 5 mharc do (iii).
- * Ní mór obair a bheith ar taispeáint más rud é nach bhfuil an léaráid comhsheasmhach le (iii).

Botúin (-3)

- B1 Scálaí neamhréireacha gan réasún (nuair a fhéachtar orthu).
- B2 Scálaí éagsúla ar an x -ais agus ar an y -ais.
- B3 Úsáidtear x -ais ingearach agus y -ais cothrománach.
- B4 Breactar t ar an x -ais.
- B5 Breactar na pointí ach ní cheanglaítear le chéile iad.

Iarrachtaí (2 mharc)

A1 Tarraigítear aiseanna scálaithe agus stopann sé/sí.

Gan fiúntas (0 marc)

W1 Tarraigítear líne threallach, cuirtear faoi réir A1 é.

Cuid (c)

20 (5, 15) marc

Iarr (2, 5)

$o(0, 0)$, $a(5, 2)$, $b(1, 7)$ agus $c(-4, 5)$ na stuaiceanna ar chomhthreomharán.

- (i) Fíoraigh go ndéroinneann na trasnáin $[ob]$ agus $[ac]$ a chéile.
(ii) Faigh cothromóid ob .

(c) (i)

5 mharc

Iarr 2

$$\text{Lárphointe } [ob] = \left(\frac{0+1}{2}, \frac{0+7}{2} \right) = \left(\frac{1}{2}, \frac{7}{2} \right) m$$

$$\text{Lárphointe } [ac] = \left(\frac{5-4}{2}, \frac{2+5}{2} \right) = \left(\frac{1}{2}, \frac{7}{2} \right)$$

nó

$$\text{An tAistriú } a(5, 2) \rightarrow m\left(\frac{1}{2}, \frac{7}{2}\right), \text{ mapálann } m\left(\frac{1}{2}, \frac{7}{2}\right) \rightarrow c(-4, 5)$$

Botúin (-3):

- B1 Úsáidtear aistriú mícheart.
- B2 Botún le linn aistriú a úsáid e.g. dhá chomhordanáid mhíchearta, tar éis aistriú ceart a úsáid.
- B3 Foirmle ábhartha mhícheart don láraphointe agus leanann ar aghaidh.
- B4 Gan conclúid a bheith luaite más é is toradh leis an earráid ná láraphointí éagsúla.
- B5 Ní ainmníonn an t-iarrthóir an trasnán nó nuair nach léir ón obair cén trasnán atá á oibriú.

Sciorrtháí (-1)

- S1 Ordanáid cheart amháin agus ordanáid mhícheart amháin tar éis aistriú ceart a úsáid.

Iarrachtaí (2 mharc)

- A1 Breacatar comhthreomharán $oabc$ ar léaráid chomhordanáideach.
- A2 Trasnán agus an láraphointe ceart ar taispeáint.

(c) (ii)	15 marc	Iarr 5
	$\text{Fána} = \frac{y_2 - y_1}{x_2 - x_1} = \frac{0 - 7}{0 - 1} = 7$ $\text{Cothromóid } ob: y - y_1 = m(x - x_1) \Rightarrow y - 0 = 7(x - 0) \Rightarrow y = 7x$	
<i>nó</i>	$\text{Cothromóid } ob: y - 7 = 7(x - 1) \Rightarrow y - 7 = 7x - 7 \Rightarrow y = 7x$	
<i>nó</i>	$\text{Cothromóid } ob: y = 7x + c \text{ Ach } (0, 0) \text{ ar } ob \Rightarrow c = 0 \Rightarrow y = 7x.$	

* Ná gearr pionós i leith earráidí le linn cothromóid na líne a shimpliú.

Tabhair marcanna mar a leanas:

- 15 mharc: freagra ceart ar fad
- 14 mharc: sciorrhadh amháin nó míléamh amháin sa fhreagra agus obair ar taispeáint
- 12 mharc: botún san fhána nó sa phointe
- 9 marc: botún san fhána agus sa phointe.
- 5 mharc: marc iarrachta i leith oibre ábhartha.
- 0 marc: obair gan fiúntas.

Botúin

- B1 Foirmle ábhartha mhícheart e.g. $\frac{y_2 + y_1}{x_2 + x_1}$ nó $\frac{y_2 + y_1}{x_2 + x_1}$ nó $\frac{y_2 + y_1}{x_2 + x_1}$ agus leanann ar aghaidh.
- B2 Foirmle ábhartha mhícheart e.g. $y + y_1 = m(x + x_1)$ [An dá chomhartha mícheart]
- B3 Úsáidtear pointe treallach don líne.

Míléamh(-1)

- M1 Faightear cothromóid oa , oc nó ab i gceart.

Iarrachtaí (3 mharc)

- A1 Tugtar foirmle ábhartha cheart agus stopann sé/sí e.g. $m = \tan \theta$ nó $m = \text{ingearach}/\text{cothrománach}$.

CEIST 3


Cuid (a)	10 (5, 5) marc	Iarr (2, 2)
Cuid (b)	25 (5, 5, 5, 5, 5) marc	Iarr (2, 2, 2, 2, 2)
Cuid (c)	15 (5, 5, 5) marc	Iarr (2, 2, 2)

Cuid (a)	10 (5, 5) marc	Iarr (2, 2)
-----------------	-----------------------	--------------------

Is é $x^2 + y^2 = 16$ an chothromóid atá ag ciocal.

- (i) Breac an ciocal ar léaráid chomhordanáideach.
- (ii) Marcáil na ceithre phointe ag a dtrasnaíonn an ciocal na haiseanna agus scríobh a gcuid comhordanáidí taobh leo.

(a) (i)	5 mharc	Iarr 2
(a) (ii)	5 mharc	Iarr 2



- * Glac le léaráid lámhscríofa de chiorcal, agus é tarraingthe go measartha maith.
- * Chun na marcanna ionmlána a fháil, is ceart scálaí a bheith léirithe nó intuigthe.
- * Glac le comhordanáidí atá comhsheasmhach leis an gciocal a tharraingítear, in (ii).

Botúin (-3)

- B1 Níl an lárphointe ag (0, 0) i gcuid (i).
- B2 Ní hionann an ga agus 4.
- B3 Malartaítear comhordanáidí i gcuid (ii).

Sciorrthaí (-1)

- S1 Fágtaí comhordanáidí pointe ar lár nó comhordanáidí pointe mícheart go huasmhéid 3.

Iarrachtaí (2 mharc)

- A1 Obair ábhartha e.g. luaitear an lárphointe mar (0, 0) nó tarraingítear aiseanna scálaithe i gcuid (i).
- A2 Déantar pointe trasnaithe ciorcail agus aiseanna a mharcáil ach ní lipéadaítear iad.
- A3 Léirítear go bhfuil 4 ar cheann de na comhordanáidí i gcuid (ii).

Taispeántar sa léaráid dhá chiorcal H agus K , atá ar comhgha.

Tadhlaíonn na ciorcail a chéile ag an bpointe $p(-2, 1)$.


Is é $(0, 0)$ lárphointe an chiorcail H .

(i) Faigh cothromóid H .

(ii) Faigh cothromóid K .

(iii) Is é T an tadhlaí leis na ciorcail ag p .

Faigh cothromóid T .



(b) (i) Ga

Cothromóid

5 mharc

Iarr 2

$$\text{Ga } H: r = \sqrt{(0+2)^2 + (0-1)^2} = \sqrt{4+1} = \sqrt{5}.$$

$$\text{Cothromóid } H: x^2 + y^2 = 5.$$

nó

$$\text{Cothromóid } H: x^2 + y^2 = r^2$$

$$p(-2, 1) \text{ ar } H: (-2)^2 + 1^2 = r^2 \Rightarrow 4+1 = r^2 \Rightarrow x^2 + y^2 = 5$$

5 mharc

Iarr 2

(b) (ii)

5 mharc

Iarr 2

Lárphointe K : $(0, 0) \rightarrow (-2, 1)$ mapálann $(-2, 1) \rightarrow (-4, 2)$.

nó

$$\frac{1}{2}(0+x) = -2 \Rightarrow x = -4; \quad \frac{1}{2}(0+y) = 1 \Rightarrow y = 2$$

$$\text{Cothromóid } K: (x+4)^2 + (y-2)^2 = 5.$$

5 mharc

Iarr 2

Fána T
Cothromóid T

5 mharc

Iarr 2

$$\text{Fána } op = \frac{1-0}{-2-0} = -\frac{1}{2}.$$

$$\text{Fána thadhlaí } T: m_1 m_2 = -1 \Rightarrow -\frac{1}{2} m_2 = -1 \Rightarrow m_2 = 2.$$

$$\text{Cothromóid } T: y-1 = 2(x+2) \Rightarrow y-1 = 2x+4 \Rightarrow y = 2x+5.$$

nó

$$x_1 x + y_1 y = r^2 \Rightarrow -2x + y = 5.$$

* I gcuid (ii) glac le r^2 ó (i).

Botúin (-3)

B1 Aon bhotún le linn ga a fháil in (i), uair amháin.

B2 Aon bhotún sa lárphointe in (i).

B3 Úsáidtear an lárphointe mícheart in (ii) e.g. $(-2, 1)$.

B4 Earráid le linn aistriú a úsáid, mura rud é gur sciorradh follasach é.

B5 Úsáidtear pointe treallach don líne, in (iii).

B6 Úsáidtear fána threallach nó fána mhícheart e.g. don gha in (iii).

Iarrachtaí (2 mharc)

- A1 Freagra ceart nó freagra comhsheasmhach gan obair ar taispeáint i ngach cuid.
 A2 Déantar tagairt do $x = -2$ nó $y = 1$ agus stopann sé/sí in (i).
 A3 Iarracht an t-aistriú a thugtar a úsáid.
 A4 Tugtar cothromóid $x^2 + y^2 + 2gx + 2fy + c = 0$.

Gan fiúntas (0 marc)

- W1 Tugtar cothromóid $x^2 + y^2 = r^2$ in (ii), faoi réir ag an marc i leith iarrachta.
 W2 Cothromóid líne do chiorcal nó cothromóid ciorcail do líne, cuir faoi réir maire iarrachta é.

Cuid (c)	15 (5, 5, 5) marc	Iarr 2, 2, 2
	<p>Is é $(x - 3)^2 + (y + 2)^2 = 40$ cothromóid an chiorcail S. Trasnaíonn S an x-ais ag an bpointe a agus ag an bpointe b.</p> <p>(i) Faigh comhordanáidí a agus comhordanáidí b. (ii) Taispeán go bhfuil ab níos lú ná trastomhas S. (iii) Faigh cothromóid an chiorcail ar trastomhas dó $[ab]$.</p>	

(c) (i)	5 mharc	Iarr 2
	$(x - 3)^2 + (y + 2)^2 = 40.$ $y = 0 \Rightarrow (x - 3)^2 + (0 + 2)^2 = 40$ $\Rightarrow (x - 3)^2 = 40 - 4 = 36 \Rightarrow x - 3 = \pm 6 \Rightarrow x = 9 \text{ nó } x = -3.$ <p><i>nó</i></p> $(x - 3)^2 + (y + 2)^2 = 40 \Rightarrow x^2 - 6x + 9 + y^2 + 4y + 4 = 40$ $\Rightarrow x^2 - 6x - 27 = 0 \Rightarrow (x - 9)(x + 3) = 0 \Rightarrow x = 9 \text{ nó } x = -3.$	

(c) (ii)	5 mharc	Iarr 2
	$ ab = 9 + 3 = 12.$ <p>Ga $S = \sqrt{40} \Rightarrow$ Trastomhas $S = 2\sqrt{40}.$</p> $12 < 2\sqrt{40} \quad [= 2(6.32) = 12.64] \quad$ nó $12 < 2\sqrt{40} \quad [\Rightarrow \sqrt{144} < \sqrt{160}].$	

(c) (iii)	5 mharc	Iarr 2
	<p>Lárphointe an chiorcail $= \left(\frac{9-3}{2}, \frac{0+0}{2}\right) = (3, 0).$</p> <p>Ga an chiorcail $= \frac{1}{2} ab = \frac{1}{2}(12) = 6.$</p> <p>Cothromóid an chiorcail $= (x - 3)^2 + y^2 = 6^2 = 36.$</p>	

In gach cuid, tabhair na marcanna seo a leanas:

- 5 mharc: réiteach ceart ar fad nó réiteach atá comhsheasmhach le hobair roimhe sin.
 2 mharc: roinnt oibre ábhartha.
 0 marc: obair gan fiúntas.


CEIST 4

Cuid (a)	10 marc	Iarr 3
Cuid (b)	20 marc	Iarr 7
Cuid (c)	20 marc	Iarr 7

Cuid (a)	10 marc	Iarr 3
-----------------	----------------	---------------

Sa triantán abc , tá
 $|\angle abc| = 90^\circ$, $|bc| = 4.5$ agus $|ac| = 7.5$.

Faigh $|ab|$.



(a)	10 marc	Iarr 3
$ ab ^2 + 4.5^2 = 7.5^2 \Rightarrow ab ^2 + 20.25 = 56.25$		[3 mharc]

$$\Rightarrow |ab|^2 = 56.25 - 20.25 = 36 \downarrow \Rightarrow |ab| = 6. \downarrow$$

[7 marc] [10 marc]

* Glac le modh ceart triantánachta.

Botúin (-3)

B1 Botún i dTeoirim Phíotagaráis

Iarrachtaí (3 mharc)

A1 Aon toradh ábhartha nó aon chéim cheart, e.g. 4.5^2 , a lua nó a úsáid

A2 Freagra ceart gan obair.

A3 Léaráid scálaithe chruinn ina dtugtar an freagra ceart.

Gan fiúntas (0)

W1 Freagra mícheart gan obair.

W2 Obair ar nós $7.5 - 4.5$.


Cuid (b)	20 marc	Iarr 7
Cruthaigh go mbíonn na sleasa urchomhaireacha i gcomhthreomharán ar comhfhad.		

(b)	20 marc	Iarr 7
------------	----------------	---------------

Is comhthreomharán é $abcd$.

Le cruthú: $|ab| = |dc|$ agus $|ad| = |bc|$.

Tógáil: Ceangail a le c .



Cruthúnas:

In Δabc agus Δacd

$|\angle cab| = |\angle acd|$... uillinn. ailtéarnacha [10 marc]

$|\angle bca| = |\angle dac|$... uillinn. ailtéarnacha [13 mharc]

$|ac| = |ac|$ [16 mharc]

Dá bhrí sin, tá Δabc iomchuí le Δacd .

Dá bhrí sin, $|ab| = |dc|$ [19 marc]

agus $|ad| = |bc|$ [20 marc]

* Maidir le cruthúnas gan léaráid, tuilleann sé iarr 7 más féidir cruthúnas iomlán a chomhréiteach le léaráid.

Botúin (-3)

- B1 Fágtaí gach céim ar lár, gach céim mícheart nó neamhiomlán, seachas an ceann deiridh.
 B2 Céimeanna scríofa in ord míloighciúil. [Ná gearr pionós ach uair amháin.]
 [Nóta: Is féidir cuid de na céimeanna thusa a idirmhalartú.]


Iarrachtaí (7 marc)

- A1 Aon chéim ábhartha, luaite nó léirithe e.g. comhthreomharán mar aon le faisnéis ábhartha bhreise.
 A2 Luaitear nó léirítear cás speisialta e.g. sleasa a thomhas nó dronuilleog a úsáid mar dhronuilleog.

Gan fiúntas (0 marc)

- W1 Aon teoirim neamhábhartha, faoi réir ag marc i leith iarrachta.
 W2 Comhthreomharán amháin.

Cuid (c)	20 (10, 5, 5) marc	Iarr (3, 2, 2)
(i) Tóg triantán comhshleasach pqr ar slios dó 8 cm. (ii) Tóg íomhá an triantáin pqr faoin méadú ar fachtóir scála dó 0.75 agus ar lár dó q . (iii) Agus tú ag glacadh le $16\sqrt{3}$ cm ² mar achar an triantáin pqr , faigh achar íomhá an triantáin san fhoirm $k\sqrt{3}$ cm ² .		

(c) (i) (c) (ii)	10 marc 5 mharc	Iarr 3 Iarr 2																				
	<p>Triantán pqr:</p> <table> <tr> <td>slios amháin</td> <td>[3 mharc]</td> </tr> <tr> <td>dhá shlios agus</td> <td></td> </tr> <tr> <td>uillinn amháin nó</td> <td></td> </tr> <tr> <td>slios amháin agus</td> <td></td> </tr> <tr> <td>dhá stua</td> <td>[7 marc]</td> </tr> <tr> <td>trí shlios</td> <td>[10 marc]</td> </tr> </table> <p>Triantán íomhá:</p> <table> <tr> <td>slios amháin</td> <td>[2 mharc]</td> </tr> <tr> <td>dhá shlios agus</td> <td>[3 mharc]</td> </tr> <tr> <td>trí shlios</td> <td>[4 mharc]</td> </tr> <tr> <td>Lárphointe ag q</td> <td>[5 mharc]</td> </tr> </table>	slios amháin	[3 mharc]	dhá shlios agus		uillinn amháin nó		slios amháin agus		dhá stua	[7 marc]	trí shlios	[10 marc]	slios amháin	[2 mharc]	dhá shlios agus	[3 mharc]	trí shlios	[4 mharc]	Lárphointe ag q	[5 mharc]	
slios amháin	[3 mharc]																					
dhá shlios agus																						
uillinn amháin nó																						
slios amháin agus																						
dhá stua	[7 marc]																					
trí shlios	[10 marc]																					
slios amháin	[2 mharc]																					
dhá shlios agus	[3 mharc]																					
trí shlios	[4 mharc]																					
Lárphointe ag q	[5 mharc]																					

- * Ceadaigh lamháltas ± 5 mm sna tomhais, i ngach cuid.
 * Ní gó na reanna a lipéadú nó tomhais a scríobh ar an léaráid, i ngach cuid, faoi réir S4 in (ii).

Botúin (-3)

- B1 Tarraigítear an triantán riachtanach de réir scála.
 B2 Tugtar gach slios lasmuigh den lamháltas, faoi réir B1.

Sciorrháí (-1)

- S1 Slios laistigh den lamháltas ach gan a bheith díreach i.e. ní úsáidtear ciumhais dhíreach (uair amháin i ngach cuid).
- S2 Fachtóir scála 1.75.
- S3 Lárphointe ag p nó r .
- S4 Tógtar íomhá ach ní léirítear lárphointe.

Iarrachtaí (3 mharc)

- A1 Céim ábhartha e.g. tarraigítear slios amháin nó sceitse garbh.
- A2 Triantán, gan aon slios laistigh den lamháltas, cuir faoi réir B1 é.

Iarrachtaí (2 mharc)

- A1 Roinnt céimeanna ábhartha e.g. léirítear an lárphointe go soiléir.
- A2 Úsáidtear fachtóir scála seachas 0.75 nó 1.75.
- A3 Ní hionann lárphointe an mhéadaithe agus rinn an triantáin.

(c) (iii)	5 mharc	Iarr 2
	Achar íomhá $\Delta = (0.75)^2$ achar $\Delta pqr = (0.75)^2 \times 16\sqrt{3} = 9\sqrt{3} \text{ cm}^2$.	

* Glac le freagra ceart nó freagra comhsheasmhach gan obair.

Botúin (-3)

- B1 Ní chearnaítear an fachtóir scála agus leanann ar aghaidh go $12\sqrt{3}$.

Sciorrháí (-1)

- S1 Gach sciorrháid go huasmhéid 3.
- S2 Earráid le linn fad shlios na híomhá a ríomh, gach slios.

Iarrachtaí (2 mharc)

- A1 $(0.75)^2$ nó $16\sqrt{3} \div (0.75)^2$ nó $(0.75)^2 \div 16\sqrt{3}$ nó $16\sqrt{3} \div 0.75$ nó $0.75 \div 16\sqrt{3}$.
- A2 Ionadú éigin isteach i bhfoirmle cheart an achair a scríobhtar nó atá soiléir.
- A3 $(0.75)^2 \times 16 \times 1.732 = 15.58$ nó freagra 15.58 gan obair.

Gan fiúntas (0 marc)

- W1 Measctar k le fachtóir scála chun $0.75 \times \sqrt{3}$ a thabhairt.

CEIST 5

Cuid (a)	10 marc	Iarr 3
Cuid (b)	20 (5, 5, 5, 5) marc	Iarr (2, 2, 2, 2)
Cuid (c)	20 (5, 5, 5, 5) marc	Iarr (2, 2, 2, 2)


Cuid (a)

10 marc

Iarr 3

Ciorcal ar lárphointe dó o , is é 21 cm a gha.
Dhá phointe ar an gciorcal iad s agus t agus tá $|\angle sot| = 120^\circ$.

Faigh fad an stua is gaire, st , ceart go dtí an ceintiméadar is gaire.



(a)

10 marc

Iarr 3

$$|st| = \frac{120}{360}(2\pi)(r) = \frac{120}{360} \times 2 \times \pi \times 21 = 14\pi \approx 44 \text{ cm.}$$

* Glac le haon luach ar π a thugann an freagra ceart, thairis sin cuir botún i bhfeidhm (-3).

Botúin (-3)

- B1 Úsáidtear mód raidian (nó grádán) go mícheart – cuir i bhfeidhm uair amháin i gcuid (a), i gcuid (b) agus i gcuid (c).
- B2 Fágtaí an freagra i dtéarmaí π .
- B3 Úsáidtear an fhoirmle $|st| = r\theta$ ach ní éiríonn leis/léi an uillinn a choinbhéartú go raidiain.
- B4 Codán mícheart don imlíné.

Sciorrháí (-1)

- S1 Gach sciorrhád go huasmhéid 3.

Miléamha (-1)

- M1 Faigtear fad an stua eile.

Iarrachtaí (3 mharc)

- A1 Lúaitear $\frac{1}{3}$ nó $\frac{2}{3}$ agus stopann sé/sí
- A2 Foirmle ábhartha mhícheart (e.g. riail an tsínis) mar aon le roinnt den ionadú ceart.
- A3 Céim ábhartha éigin e.g. codán $120/360$.
- A4 Freagra ceart gan obair ar taispeáint.
- A5 Corda $|st|$ mar aon le hobair cheart.


Gan fiúntas (0 marc)

- W1 Freagra mícheart gan obair ar taispeáint.

Sa triantán dronuilleach psq , déantar p a cheangal de phointe r ar $[sq]$.
 Tá $|pq| = 8$ cm, $|\angle prq| = 48.8^\circ$ agus $|\angle psq| = 36^\circ$.

(i) Faigh $|pr|$, ceart go dtí ionad deachúlach amháin.

(ii) Faigh $|sr|$, ceart go dtí an ceintiméadar is gaire.



(b) (i) Slonn do $|pr|$

5 mharc

Iarr 2

Luach do $|pr|$

5 mharc

Iarr 2

$$\sin 48.8^\circ = \frac{8}{|pr|} \Rightarrow |pr| = \frac{8}{\sin 48.8^\circ} = \frac{8}{0.7524} = 10.63 = 10.6 \text{ cm.}$$

(b) (ii)

5, 5 mharc

Iarr 2, 2

$$|\angle rps| = 48.8^\circ - 36^\circ = 12.8^\circ$$

$$\text{nó } |\angle rps| = 180^\circ - (|\angle psr| + |\angle srp|) = 180^\circ - (36^\circ + 131.2^\circ) = 12.8^\circ.$$

$$\frac{|sr|}{\sin 12.8} = \frac{10.6}{\sin 36} \quad [5 \text{ mharc}]$$

$$\Rightarrow |sr| = \frac{10.6 \times \sin 12.8}{\sin 36} = \frac{10.6 \times 0.2215}{0.5878} = \frac{2.3479}{0.5878} = 3.99 = 4 \text{ cm.} \quad [5 \text{ mharc}]$$

nó

$$\tan 36 = \frac{8}{|sq|} \Rightarrow |sq| = \frac{8}{\tan 36} = \frac{8}{0.7265} = 11.01. \quad [5 \text{ mharc}]$$

$$\tan 48.8 = \frac{8}{|rq|} \Rightarrow |rq| = \frac{8}{\tan 48.8} = \frac{8}{1.1423} = 7.003.$$

$$\text{nó } |rq|^2 = |pr|^2 - |pq|^2 = 10.6^2 - 8^2 = 112.36 - 64 = 48.36 \Rightarrow |rq| = 6.95.$$

$$|sr| = |sq| - |rq| = 11.01 - 7.003 = 4.007 = 4 \text{ cm.} \quad [5 \text{ mharc}]$$

* Glac le freagra ceart atá comhsheasmhach le hobair an iarrthóra i gcuid (i).

Botúin (-3)

- B1 Cóimheas mícheart agus leanann ar aghaidh.
- B2 Feidhm mhícheart thriantánachta agus leanann ar aghaidh.
- B3 Léitear feidhm mhícheart e.g. comhshíneas in ionad sínis agus leanann ar aghaidh.
- B4 Pointe deachúlach san áit mhícheart
- B5 Earráid in úsáid feidhme inbhéartaí.
- B6 Ionadú mícheart isteach i bhfoirmle cheart agus leanann ar aghaidh.
- B7 Botún le linn uillinn riachtanach a fháil.

Iarrachtaí (2 mharc)

- A1 Freagra ceart gan obair ar taispeáint.
- A2 Sainmhínítear feidhm thriantánachta i gceart.
- A3 Iarracht feidhmeanna triantánachta a thógáil.
- A4 Foirmle ábhartha mhícheart mar aon le roinnt ionadú ceart.

Gan fiúntas (0 marc)

W1 Scríobhtar an fhoirmle ó na Táblaí agus stopann sé/sí.

W2 Déantar tomhas ón léaráid.

W3 Déileáiltear leis an triantán pqr mar thriantán dronuilleach.

Cuid (c)


20 (5, 5, 5, 5) marc

Iarr (2, 2, 2, 2)

Is é 33 cm^2 achar an triantáin abc .
 $|ab| = 8 \text{ cm}$ agus $|\angle cab| = 55^\circ$.

(i) Faigh $|bc|$, ceart go dtí ionad deachúlach amháin.

(ii) Faigh $|\angle abc|$, ceart go dtí an chéim is gaire.



(c) (i) Faightear $|ac|$
 Faightear $|bc|$

5 mharc
5 mharc

Iarr 2
Iarr 2

$$\frac{1}{2}|ab| \times |ac| \times \sin |\angle cab| = 33 \Rightarrow \frac{1}{2}(8) \times |ac| \times \sin 55^\circ = 33$$

$$\Rightarrow |ac| = \frac{2 \times 33}{8 \times 0.8192} = \frac{66}{6.5536} = 10.07.$$

$$a^2 = b^2 + c^2 - 2bc \cos A \Rightarrow |bc|^2 = 8^2 + 10.07^2 - 2(8)(10.07) \cos 55^\circ$$

$$\Rightarrow |bc|^2 = 64 + 101.40 - 161.12(0.5736) = 165.40 - 92.42 = 72.98 \Rightarrow |bc| = 8.54 = 8.5 \text{ cm.}$$

(c) (ii) Slonn do $|\angle abc|$
 Luach $|\angle abc|$

5 mharc
5 mharc

Iarr 2
Iarr 2

